libraries.
fingal.ie

# BorrowBox:

## Leabhair Dhigiteacha, Irisí agus Nuachtáin i mBeagán Nóiméad!

- Na mílte leabhar digiteach, closleabhar, nuachtán agus irisí.
- Gach rud saor in aisce.




- Ar fáil 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain.
- Faigh suas le 5 rLeabhar agus le 5 chlosleabhar ar iasacht/déan á gcur in áirithe.
- Faigh suas le 99 rNuachtán agus rIiris.
- Agus tú ag dul ar an obair, ar do tholg, in aice leis an linn snámha sa Spáinn….
- Le haghaidh do chlub leabhar féin.



## Cad a theastaíonn uaim?


- Aip BorrowBox
- Carta bailí leabharlanna Fhine Gall agus UAP.

## Conas a chuirim tús leis?

- Íoslódáil an aip *BorrowBox Library* agus déan á shuiteáil isteagh ar d'fhón póca.
- Roghnaigh **Fine Gall** mar an leabharlann agat.
- Sa réimse **Barrachód Aitheantais**, cuir uimhir bhallraíocht na leabharlainne agat isteach.
- Le haghaidh UAP/Pasfhocal, níl le déanamh agat ach UAP do chárta leabharlainne a chur leis. Níl aon UAP BorrowBox ar leith uait.
- Glac leis na téarmaí agus na coinníollacha chomh maith le Beartas na Príobháideachta.
- Más é seo an chéad uair agat BorrowBox a úsáid, iarrfar ort do sheoladh rPhoist a chur isteach.

## Cuardach:

- Baineann na cluaisíní ag bun an scáileáin le *rLeabhair*, le *rFuaime nó* le *rPhreas*.




- Nuair a dhéanann tú cluaisín a chliceál, feicfidh tú mórán teideal faoi thrácht.
- Is féidir leat teideal ar leith is mian leat a chuardach trí úsáid a bhaint as an deilbhín gloine mhéadaithe.
- Is féidir leat brabhsáil trí scagadh a dhéanamh chomh maith. Mar shampla, tá scagairí le haghaidh *daoine fásta, ficsean* agus *leabhair sárdhíola* ar fáil.
- Cliceáil ar an mbosca **Ar Fáil Láithreach** chun teidil a fheiceáil atá le fáil ar iasacht gan forchoimeád.
- Feicfidh tú na príomhtheidil ag scrolladh thar bharr do scáileáin. Is teidil iontacha iad seo a chuireann BorrowBox ar fáil do gach éinne, gan forchoimeád, gach mí. (Athraíonn na

teidil gach mí. Mar sin, más ball club leabhar thú, b'fhéidir go smaoineofá ar na teidil seo.)

- Is féidir leat suas le 5 rLeabhar, 5 closleabhar agus 99 rIrisí/rNuachtáin a fháil ar iasacht.

## Fáil ar Iasacht:

- Nuair atá an teideal atá uait aimsithe agat, cliceáil air. Feicfidh tú bearradh maidir leis an ábhar atá ann.
- Má tá an teideal ar fáil láithreach, feicfidh tú na roghanna **Réamhamharc** nó **Iasacht** mar seo.




- Má tá an teideal amach ar iasacht, feicfidh tú na roghanna **Réamhamharc** nó **Coimeád** mar seo.




- Molaimid duit go bhfaigheann tú réamhamharc roimh duit iasacht a fháil nó a choimeád trí chliceáil ar an gcnaipe **Réamhamhairc.** Ní áirítear é mar iasacht fós agus, mar sin, is féidir le réamhamharc do theorainneacha iasachta a choinneáil slan.
- Más mian leat dul ar aghaidh, cliceáil ar **Iasacht** nó ar **Coimeád**. Cuirfear i gcuimhne duit líon na n-iasachtaí atá fós ar fáil duit.
- Áireamh **Coimeád** mar iasacht mar go gcuirtear teidil go huathoibríoch le líon **M'Iasachtaí** nuair a thagann siad ar fáil. Seolann BorrowBox foláireamh rPhoist chugat freisin.
- Chomh luath agus a chuirtear ar iasacht é, feicfidh tú an teideal sa réimse **M'Iasachtaí** agat. Cuirtear iasachtaí ar fáil ar feadh 20 lá.
- Cliceáil nó tapáil ar an teideal sa réimse **M'Iasachtaí** agat chun tosú ag léamh nó ag éisteacht.
- Is féidir leat athnuachan a dhéanamh muna bhfuil an teideal curtha in áirithe ag duine eile.
- Is féidir leat earraí a sheoladh ar ais go luath freisin má tá tú críochnaithe leo agus más mian leat an teorainn iasachta

agat a shaoradh. Níl le déanamh ach cliceáil ar **Tabhair Ar Ais** i réimse M'Iasachtaí agus ansin ar **Deimhnigh**.

- Maidir le rLeabhair, is féidir leat airde an téacs a choigeartú.
- Cuireann BorrowBox leabharmharc isteach go huathoibríoch má fhágann tú an aip. Mar sin, tosóidh tú ag léamh agus ag éisteacht ón áit d'fhág tú nuair a fhilleann tú air.
- Agus ná déan dearmad, ní gá rIrisí agus rNuachtáin a chur in áirithe. Is féidir suas le 99 acu a fháil ar iasacht!

Is féidir le gach éinne a bheith mar bhall na leabharlainne, gan ach clárú a dhéanamh ar líne ag baint úsáide as an gcód MF nó ag [https://www.fingal.ie/council/service/join-library](https://www.fingal.ie/council/service/join-library) I ndiaidh duit cláraú, is féidir leat na rSheirbhísí, BorrowBox ina measc, a úsáid láithreach bonn. Beidh ort cuairt a thabhairt laistigh de 30 lá ar chraobhleabharlann le ID (grianghraf agus seoladh) d'fhonn do chárta leabharlainne a fháil. Ligeann an cárta duit leabhair, closleabhair, cluichí, DVDanna agus mórán eile a fháil ar iasacht!




Más mian lear BorrowBox a úsáid ar ríomhaire deisce, féach ar https://www.fingal.ie/council/service/fingal-library-eservices-and-eresources-online

libraries.fingal.ie

**rPhost: Library.eservices@fingal.ie**